Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

*Treoracha d'iarrthóirí:*

**Roinn A** 60 marc
Freagair **deich** gceist ar bith sa roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** 180 marc
Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist ar bith eile as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1.
Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Roinn C** 40 nó 80 marc
Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach **nó** Ceist 4 (croí-ábhar) ar a n-áirítear **cuid (a)** agus **cuid (b) nó (c).**
Má chuir tú isteach obair chúrsa i *dTeicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach Ceist 2 sa roinn seo a fhreagairt.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt*

**Tábla na nGrád**

| Grád | Ábhar Roghnach 1, 3 agus C4 | Ábhar Roghnach 2 |
|---|---|---|
| 1 | 288-320 | 252-280 |
| 2 | 256-287 | 224-251 |
| 3 | 224-255 | 196-223 |
| 4 | 192-223 | 168-195 |
| 5 | 160-191 | 140-167 |
| 6 | 128-159 | 112-139 |
| 7 | 96-127 | 84-111 |
| 8 | ‹ 95 | ‹ 83 |

## Nótaí Mínithe - Eacnamaíocht Baile 2025

Ba cheart marcanna mínithe a chur gar don fhreagra ceart/ceart go páirteach. D’fhéadfadh athrú a bheith ann maidir le dathanna na nótaí mínithe.

| Nóta Mínithe | Míniú |
|---|---|
| 0 | Náid bronnta |
| ✓ 1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓ 2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓ 3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓ 4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓ 5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓ 6 | **Sé** mharc bronnta |
| ✓ 7 | **Seacht** marc bronnta |
| ✓ 8 | **Ocht** marc bronnta |
| ⌇ | Leathanach bán |
| F | Marcanna iomlána bronnta don phointe breise |
| P | Cuid de marcanna bronnta don phointe breise |
| < | Pointe/obair nach ndearnadh iarracht air/uirthi |
| A | Marc lascaine |

| | |
|---|---|
| P1 | Bain mharc **amháin** |
| P2 | Bain **dhá** mharc |
| P3 | Bain **trí** mharc |
| P | Bain **ceithre** mharc |
| P5 | Bain **cúig** mharc |
| P6 | Bain **sé** mharc |
| P7 | Bain **seacht** mharc |
| P8 | Bain **ocht** mharc |
| P9 | Bain **naoi** mharc |
| P1 | Bain **deich** mharc |
| SMM | Scéim mharcála mhionathraithe |

I Roinn C, iarrtar ar iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt sa roinn seo Baineann Ceist C2 leis an ábhar roghnach Teicstílí, Faisean agus Dearadh. Nuair a fhreagraíonn iarrthóir C2 agus ceist eile as C1, C3, nó C4, cuireann an scrúdaitheoir marc lascaine a i bhfeidhm ionas nach gcuirtear san áireamh i dtaca le hiomlán an pháipéir ach an marc is mó. Úsáidtear an nóta mínithe A chun a thabhairt le fios go bhfuil marc lascaine á chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun marc lascaine -23 a chur i bhfeidhm chuirfeadh scrúdaitheoir an A, P10, P10, P3, chun -10 -10, -3 = iomlán -23 a chur i bhfeidhm.

## Roinn A

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**1.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Tá nasc idir leibhéal ard salainn a iontógáil agus brú fola ard | ✓ | |
| Níl bianna ultra-phróiseáilte chomh folláin le bianna úra | ✓ | |
| Is vitimíní sailltuaslagtha iad Vitimín B agus Vitimín C | | ✓ |

**2.** Luaigh **dhá** fheidhm bhitheolaíocha atá ag próitéin sa chorp.

**2 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

fás; deisiú cealla coirp; foinse fuinnimh; monarú cealla nua; foirmiú meatáin; craiceann; cillscannáin; táirgeadh hormón; antasubstaintí; einsímí; plasma fola a dhéanamh; srl.

Ainmnigh foinse phróitéine **amháin** sa réim bhia.

**1 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

feoil; iasc; táirgí déiríochta, bainne, cáis, iógart; uibheacha; pónairí soighe; gránaigh; cnónna; lintilí; síolta; srl.

**3.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Bíonn aigéid shailleacha óimige 3 in iasc olúil | ✓ | |
| Bíonn snáithíní gearra ar a dtugtar mióimírí i bhfeoil éisc | ✓ | |
| Bíonn a lán saille in iasc bán | | ✓ |

**4.** Úsáid na téarmaí atá liostaithe thíos chun na ráitis a leanas maidir le carbaihiodráití a chríochnú.

**snáithín cothaithe** **ae** **fuinneamh**

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| |
|---|
| Spreagtar bia a ghluaiseacht tríd an stéig le ___**snáithín cothaithe**_______. |
| Scaoileann glúcós teas agus _____**fuinneamh**__________. |
| Tiontaítear farasbarr carbaihiodráite ina ghlicigin agus stóráiltear san _____**ae**_____________ agus sna matáin í. |

**5.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thionchar a bhíonn ag an gcócaireacht ar rís.

**2 éifeacht @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

borrann, briseann agus ionsúnn na gráinní leachtanna de bharr teas tais; bogann snáithín; caillteanas vitimín B; tarlaíonn geilitíniú; athraíonn an dath; éiríonn sé in-díleáite; srl.

**6.** Luaigh **thrí** threoirlíne chothaithe ba chóir a leanúint nuair atá béilí á n-ullmhú do leanaí réamhscoile.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

ith béilí rialta; béilí cothroma; méideanna sciar atá soláimhsithe; cur i láthair tarraingteach; díspreag nósanna itheacháin beadaí; spreag páistí páirt a ghlacadh in ullmhúchán bia; laghdaigh siúcraí mínphróiseáilte; tabhair isteach blasanna nua de réir a chéile; cuimsigh torthaí/glasraí; srl.

**7.** Mol cáis a bheadh oiriúnach do **gach** mias thíos, agus úsáid á baint agat as na cáiseanna seo a leanas.

**slisní de cháis chéadair** **cáis uachtair** **cáis parmasán**

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

| Miasa | Cineálacha cáise |
|---|---|
| Pasta carbonara | **cáis parmasán** |
| Císte cáise líomóide | **cáis uachtair** |
| Ceapaire cáise | **slisní de cháis chéadair** |

**8.** Mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le lipéadú bia don tomhaltóir.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

cabhraíonn sé le rogha fheasach a dhéanamh; eolas maidir le: cothaithigh; ailléirginí; breiseáin; modhnuithe géiniteacha; srl. comhábhair in ord íslitheach de réir meáchain; cainníocht ghlan; tír thionscnaimh; dáta faoinar cheart a úsáid; dáta ar fearr roimhe; treoracha cócaireachta; treoracha stórála; ainm agus seoladh an déantóra; dearbhú cáilíochta m.sh. marc Bhord Bia; táirgí orgánacha; trádáil chóir; srl.

**9.** Mínigh an tionchar a d'fhéadfadh na tosca seo a leanas a imirt ar bhéile a phleanáil do theaghlach.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

**An t-airgead atá ar fáil** nuair nach bhfuil ach beagán airgid, caith an t-airgead go cúramach trí bhianna próitéine níos saoire a cheannach; cuardaigh margaí iontacha/tairiscintí speisialta; seachain tobcheannach; is ionann cothú bia ar chostas íseal agus bia ar chostas ard; srl.
**An t-am atá ar fáil** cuir an t-am a nglacann sé chun bia a ullmhú, a réiteach agus a riar san áireamh; roghnaigh miasa ar féidir a réiteach in achar gearr; is féidir bia saoráideach a úsáid mura bhfuil mórán ama ann; srl.
**An trealamh atá ar fáil** cinntigh an trealamh atá ar fáil; úsáid trealamh a shábhálann am; srl.

**10.** Ainmnigh **dhá** chineál / fhoinse d'fhuinneamh in-athnuaite.

**2 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

fuinneamh gréine, fuinneamh gaoithe, cumhacht hidrileictreach; geoiteirmeach; bithmhais/bithfhuinneamh cumhacht núicléach; hidrigin; fuinneamh taoide; srl.

Mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite.

**1 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

níos lú astaíochtaí carbóin; níos lú truailliú aeir; iontaofacht níos fearr; cruthú poist; mairfidh sé; neamhdhíobhálach don timpeallacht; níos saoire; srl.

**11.** Luaigh **trí** thoisc le cur san áireamh nuair atá earraí á gceannach ar cairde.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

an ceannach riachtanach é; táillí ráta úis; táillí breise i bhfolach; pionóis as aisíocaíochtaí a chailleadh; fad na n-aisíocaíochtaí; cén uair a bheidh na hearraí agat; srl.

**12.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** úsáid éagsúla a bhaintear as teicstílí tí.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

níochán; triomú; insliú; teas; cosaint; maisiú/aeistéitic; dódhíonadh; compord; srl.


**13.** Luaigh **trí** mhíbhuntáiste a bhaineann le héadaí a cheannach ar líne.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

éiginnteacht faoi cháilíocht; fadhbanna seachadta; riosca calaoise; costas d'earraí a thabhairt ar ais; earraí lochtacha; eispéireas siopadóireachta neamhphearsanta; bagairt de chamscéimeanna digiteacha; moilleanna ar sheachadadh; deacrachtaí le haisíocaíochtaí; srl.


**14.** Cén t-eolas a thugann **gach** ceann de na siombailí cúraim fabraice seo thíos in iúl don tomhaltóir?

**2 @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)



(*www.woolmark.com*)

nigh de láimh amháin; teocht d'olann, fabraicí fíneáilte; srl.



(*www.omo.com*)

iarann meánach; teocht d'olann, meascáin phoileistir; srl.

## Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist ar bith eile as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Ceist 1**

Nuair a cheannaíonn tomhaltóirí bianna saoráideacha, ba chóir dóibh rogha chiallmhar a dhéanamh agus luach cothaitheach a chur san áireamh.

Sa tábla thíos, taispeántar eolas cothaitheach in aghaidh an 100 g le haghaidh dhá chineál anraithí glasraí saoráideacha agus a gcostas.

| | **Anraith A**<br>**Cócaráil-fuaraigh** | **Anraith B**<br>**Stánaithe** |
|---|---|---|
| **Costas** | €2.89 | €2.00 |
| **Fuinneamh (kcal)** | 27 cileacalra | 32 cileacalra |
| **Próitéin** | 1.1 g | 0.8 g |
| **Carbaihiodráití**<br>**dar siúcraí** | 4.3 g<br>2.2 g | 5.6 g<br>1.0 g |
| **Snáithín** | 3.0 g | 0.5 g |
| **Saill**<br>**ar sáitheáin di** | 0.6 g<br>0.1 g | 0.5 g<br>0.3 g |
| **Salann** | 0.2 g | 0.8 g |

**(a)** Agus úsáid á baint as an eolas a chuirtear i láthair sa tábla thuas, luaigh cé acu anraith a mholfá do thomhaltóir a cheannach.
Tabhair **ceithre** chúis le do rogha. (24 marc)

**Ainm 4 mharc** (grádaithe 4:0)**, Cúiseanna: 4 @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:2:0)

**Anraith A:** níos lú cileacalra chun murtall a chosc; níos mó próitéine le haghaidh fáis/deisithe; níos mó carbaihiodráití le haghaidh teasa/fuinnimh; níos mó siúcra le haghaidh fuinnimh; níos mó snáithín le haghaidh díleá; níos lú saill sháithithe chun murtall/galar corónach croí a chosc; níos lú salainn chun ardbhrú fola/stróc a chosc; níos éasca le téamh/hithe; éasca le stóráil; éasca le hoscailt; srl.
**Anraith B:** níos mó cileacalra le haghaidh fuinnimh; níos lú próitéine le haghaidh fáis/deisithe; níos mó carbaihiodráití le haghaidh fuinnimh; níos lú siúcra, a laghdaíonn riosca diaibéitis/lobhadh na bhfiacla; níos lú snáithín; níos lú saille; níos mó saill sháithithe; níos mó salainn le haghaidh cothromaíocht leictrilíte; éasca le hoscailt; seilfré níos faide; ní gá é a chur sa chuisneoir; costas níos ísle; srl.

**(b)** Tabhair cuntas faoi Vitimín C faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas: (24 marc)

- foinsí sa réim bhia

**3 fhoinse @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

glac le foinse torthaí/glasraí ar bith; súnna torthaí/glasraí; caoineoga torthaí/glasraí; forbhianna; srl.

- feidhmeanna sa chorp

**2 fheidhm @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

cruthaíonn sé drandal sláintiúil, foirmiú collaigine; cothaíonn sé cneasú créachta; cabhraíonn sé le hionsú iarainn; frithocsaídeoir; cabhraíonn sé leis an gcóras imdhíonachta; cothabháil loingeáin; cnámha, fiacla; tá ról aige maidir le fás; sláinte inchinne/feidhmiú cognaíoch; srl.

- iarmhairt na heaspa.

**1 easpa @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

scorbach; fíochán coirp lagaithe; cneasú créachta mall; ainéime; soghabháltacht mhéadaithe i leith tinnis; srl.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shlí dhifriúla ar féidir le déagóir torthaí agus glasraí a chur leis an réim bhia. (12 mharc)

**3 shlí @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

anraithí; caoineoga; milseoga; bácáil; sailéid; anlainn; smailceacha i mboscaí lóin; glasraí suaithfhriochta; iad a ghrátáil i miasa; iad a chur le hanlainn chumaiscthe; purée a dhéanamh de thorthaí reoite; iad a chur le stobhach; criospaí/dingeacha glasraí; iad a chur le gránaigh bricfeasta; coulis torthaí; srl.

**(d)** Déan cur síos ar **cheithre** thoisc ba chóir do thomhaltóirí a mheas nuair a bhíonn táirgí bia saoráideacha á roghnú acu. (20 marc)

**4 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

ábhar cothaitheach; ábhar calraí; ailléirginí; dáta faoinar cheart a úsáid; dáta ar fearr roimhe; treoracha stórála; costas; pacáistiú; is féidir é a athdhúnadh; inbhuanaitheacht; cainníocht; bunús; bia-aistir; orgánach; srl.

**Ceist 2**
Cuireann uibheacha cothaithigh riachtanacha ar fáil don chorp.

**(a)** Tabhair cuntas ar **(i)** luach cothaitheach **agus** ar **(ii)** luach diaitéiteach uibheacha. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:4:3:2:0)
**(1 thagairt do luach cothaitheach, 1 thagairt do luach diaitéiteach, + 2 thagairt eile)**

**Cothaitheach:** próitéin ALB; saill sháithithe; níl mórán carbaihiodráití acu; grúpa vitimín B; vitimín A; vitimín D; vitimín E; vitimín K; cailciam; fosfar; iarann; sulfar; uisce; easpa vitimín C; srl.
**Diaitéiteach:** foinse iontach de phróitéin le haghaidh fáis agus deisithe; tábhachtach in aistí bia leanaí, déagóirí agus mná atá ag iompar clainne; níl mórán calraí iontu; bia ilúsáide; réasúnta saor; is féidir iad a ullmhú go tapa; tá cuid mhór saille sháithithe agus colaistéaróil iontu; níl mórán carbaihiodráití acu, ba cheart iad a chur le bianna a bhfuil neart carbaihiodráití acu ionas go bhfuil cothromaíocht ann; easpa vitimín C; srl.

**(b)** Leag amach biachlár (3 bhéile), le haghaidh lá amháin, agus aird agat ar na treoirlínte reatha don itheachán sláintiúil. Bíodh uibheacha ina gcuid de bhéile **amháin**. (18 marc)

**3 bhéile @ 6 mharc**
**(Biachlár: 2 chúrsa @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0) **+ deoch @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)**) X 3**
**+ comhábhar uibhe 1 @ 3 mharc** (grádaithe 3:0)

**Biachláir shamplacha**

| ***Bricfeasta*** | ***Lón*** | ***Dinnéar*** |
|---|---|---|
| *Sú oráiste*<br>***<br>*Uibheacha scrofa ar thósta*<br>***<br>*Tae/caife/uisce/bainne* | *Quiche Lorraine agus sailéad glas*<br>***<br>*Iógart sútha talún*<br>***<br>*Gloine bhainne/uisce* | *Anraith cairéid agus lintile le harán donn*<br>***<br>*Pasta carbonara*<br>***<br>*Gloine bhainne/uisce* |

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar na slite a dtéann teas i bhfeidhm ar uibheacha. (12 mharc)

**3 éifeacht @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

téachtann próitéin; treamhnaíonn sé ag teocht ard; tagann athrú dath ar an ngealacán; caillteanas vitimín B; is féidir le huibheacha a bheith rubarúil/righin má dhéantar róchócaireacht orthu; maraíonn sé baictéir; má dhéantar róchócaireacht orthu, foirmíonn fáinne glas thart ar an mbuíocán de bharr imoibrithe idir iarann agus sulfar; srl.

**Ceist 3**
Bíonn tionchar ag tosca éagsúla ar leasú bia agus ar mhilleadh bia.

**(a)** Déan cur síos ar **thrí** phríomhchúis le milleadh bia. (15 mharc)

**3 chúis @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**caillteanas taise:** trí chraiceann torthaí agus glasraí; srl.
**gníomh einsíme:** aibiú, athraíonn dath, uigeacht, blas; donnaíonn úlla, prátaí nuair a fhágtar amach iad; srl.
**éilliú miocróbach:** múscáin; giostaí; baictéir; srl.
**éilliú ceimiceach:** lotnaidicídí, ceimiceáin; srl.
**Glac leis an méid seo a leanas:** coinníollacha stórála a cheadaíonn fás miocrorgánach**;** srl.

**(b)** Ainmnigh modh **amháin** de leasú bia agus tabhair sonraí faoi conas a dhéantar an modh leasaithe sin. (25 marc)

**Ainm 1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**teaschóireáil:** déanamh suibhe; déanamh seatnaí; picilt; deatú; cannú; buidéalú; paistéaradh; steiriliú; srl.
**caomhnú ceimiceach:** sailleadh; deatú; picilt; srl.
**triomú**: srl.
**reo:** srl.

**Modh leasaithe 4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**déanamh suibhe/seatnaí:** prócaí a ní; prócaí a steiriliú; torthaí agus glasraí a ullmhú de réir cineáil; sáspan a bhfuil bonn trom aige a úsáid; torthaí a shuanbhruith chun peictin a scaoileadh; siúcra a chur leis; is féidir sú líomóide a chur leis chun géire a mhéadú; é a fhiuchadh go mbaintear an fiuchphointe amach; triail a bhaint as; scimeáil; é a chur i bprócaí; séalú; lipéadú; stóráil; srl.
**buidéalú/cannú aiseipteach/cannú i bpróca:** prócaí/cannaí torthaí/glasraí a théamh i ndabhach uisce; prócaí/cannaí a shéalú agus iad te; cruthaítear folús le linn fuaraithe a chruthaíonn séala; lipéadú; stóráil; srl.
**triomú:** luibheacha a cheangal le chéile; é a thriomú in áit the; pacáistiú; lipéadú; stóráil; srl.
**reo:** iad a bhánú de réir cineáil, úsáid a bhaint as pacáistiú taisdhíonach; aer a bhaint; séalú; lipéadú; é a reo ag -25˚C; é a stóráil ag -18˚C; srl.
**reo tráchtála:** reo srutha; reo crióigineach; tumreo; reo le plátaí; roisreo; srl.
**triomú tráchtála:** an ghrian; aer te; rollóir; sprae; reothriomú atmaisféir; srl

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le leasú bia. (10 marks)

**2 bhuntáiste @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

laghdaíonn sé do lorg ar an timpeallacht; bíonn bia níos sábháilte; laghdaíonn sé cur amú bia; feabhsaíonn sé cáilíocht bia; méadaíonn sé an tseilfré; bíonn bia ar fáil as séasúr; is féidir earraí solofa a iompar; méadaíonn sé éagsúlacht bia; srl.

**Ceist 4**

Is tábhachtaí go mór anois ná riamh an buiséadú mar thasc teaghlaigh.

**(a)** Pléigh **ceithre** bhuntáiste a bhaineann le buiséadú a dhéanamh. (20 marc)

**4 bhuntáiste @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

forbraítear dea-scileanna bainistíochta airgid; aithnítear príomhréimsí róchaiteachais; laghdaítear an spleáchas ar chreidmheas; tá slándáil airgeadais ann; laghdaítear strus; clúdaítear imeachtaí neamhbheartaithe; rátáil chreidmheasa maithe; tá airgead ar fáil le haghaidh éigeandálaí; srl.

**(b)** Leag amach plean buiséid seachtainiúil do theaghlach ina bhfuil beirt daoine fásta agus beirt pháistí ag a bhfuil ioncam glan €900 in aghaidh na seachtaine san iomlán acu. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

nós imeachta/plean; **tithíocht**/cíos/morgáiste 25%; **bia** 25%; billí tí: soilsiú/teas/bailiúchán bruscair/guthán /idirlíon 15%; oideachas 10% éadaí 5%; fóillíocht/siamsaíocht 5%; coigilteas 5%; sláinte 5%; caiteachas lánroghnach 5%; an buiséad a athbhreithniú/a mheas ar bhonn rialta; srl.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA). (10 marks)

**2 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

Is seirbhís comhairle atá neamhspleách agus saor in aisce í seo; tugann sí comhairle ar conas déileáil le fadhbanna fiacha reatha; cabhraíonn sí le teaghlaigh scileanna bainistíochta airgid a fhorbairt; pleanálann sí buiséid agus sceidil íocaíochta; tugann sí comhairle ar tháirgí airgid do thomhaltóirí; tugann sí comhairle ar rátaí úis; réitíonn sí fiacha morgáiste; idirbheartaíocht a dhéanamh le hiasachtóirí; comhairle ar dócmhainneacht phearsanta; uasmhéadú ioncaim; srl.

**Ceist 5**
Is lá tábhachtach í bainis i saol lánúine.

**(a)** Déan cur síos ar **cheithre** shlí ina mbeadh nósanna pósta difriúil idir cultúir. (20 marc)

**4 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

cleamhnais; líon na bpáirtithe; cineál: cailleacha; fáinní; searmanais; éadaí; srl. rís a chaitheamh; suíomh; clárlann; searmanais shibhialta; pósadh comhghnéis; aois páirtithe; srl.

**(b)** Mínigh na cearta a bhíonn ag páirtithe pósta agus na freagrachtaí a bhíonn orthu. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**Cearta:** bheith i gcuideachta a chéile; a bheith ina gcónaí lena chéile mar pháirtithe; caidreamh monagamach; bheith dílis dá chéile; an pósadh a chur i gcrích; is féidir le hoidhreacht titim le céilí i ndiaidh báis an pháirtithe; srl.
**Freagrachtaí:** tacaíocht airgeadais a thabhairt do pháirtí cleithiúnach nó do leanaí cleithiúnacha; comhchaomhnóireacht agus comhfhreagracht do leanaí; dualgas dlíthiúil freastal ar riachtanais na leanaí; tiomantas do phósadh a léiriú; cumarsáid dhearfach; srl.

**(c)** Pléigh an chaoi ar féidir le cúrsaí réamhphósta cabhrú le lánúineacha ullmhú don phósadh. (10 marks)

**2 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

cuirtear eolas ar fáil ar cad atá ag súil le gealltanas pósta /an dóigh a bhfuil sé; is féidir leo an fhís atá acu maidir le pósadh/róil/freagrachtaí a phlé; tugtar comhairle ar chúrsaí airgeadais; cuirtear eolas ar fáil ar phleanáil teaghlaigh; cuirtear cumarsáid dhearfach chun cinn; is féidir leo coimhlint a bhainistiú; spreagtar an lánúin fadhbanna tuismitheoireachta a phlé; cuireann Accord/Seirbhís Comhairleoireachta do Chaidrimh agus do Phósadh cúrsaí ullmhúcháin do phósadh ar fáil; srl.

## Roinn C

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a)** agus **1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** Sa léaráid thíos taispeántar an meánchaillteanas céatadánach (%) teasa ó áiteanna éagsúla i dteach a bhfuil drochinsliú ann.

**(i)** Déan cur síos ar **cheithre** mhodh le háit chónaithe a insliú. (20 marc)

**4 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**áiléar:** insliú brait: rollaí snáithínghloine, olla nó mianra; a leagtar idir giarsaí nó a fheistítear idir rachtaí dín; srl. líonadh scaoilte: millíní de pholaistiréin nó veirmicilít a dhoirtear idir giarsaí; srl. insliú cúrphlaistigh: curphlaisteach a spraeáiltear idir an díon agus na rachtaí; srl. insliú snáithín séidte: séidtear snáithíní ceallalóis, gloine nó mianra isteach san áiléar agus séalaítear iad; srl.
**ballaí:** cuasbhallaí: dhá bhrat de bhloic, 5-10cm óna chéile, feidhmíonn an t-aer sa spás mar inslitheoir, is féidir leatháin polaistiréine a chur isteach ag an gcéim tógála; pumpáiltear feirbíní nó curphlaisteach polaistiréine sa chuas; srl. ballaí soladacha inmheánacha: leatháin inslithe, cuirtear tirimlíneáil le boird inslithe taobh istigh de na ballaí seachtracha; srl. ballaí seachtracha: cuirtear leatháin d'ábhar inslithe le dromchla seachtrach den bhalla agus clúdaítear le rindreáil ionas go mbeidh friotaíocht uisce ann, leabaítear mogall cruach sa rindreáil srl.
**fuinneoga:** fuinneoga déghloinithe nó tríghloinithe: dhá/trí leathán de ghloine agus spás aeir eatarthu, is féidir an spás a líonadh le gás támh m.sh. argón; tá bratú dofheicthe ag gloine d'astaíochas íseal a laghdaíonn aistriú teasa agus a fhrithchaitheann teas ar ais sa seomra srl. cuirtíní: tá líneáil throm orthu, feistithe; srl.
**urláir:** líonann siad bearnaí sna cláir urláir agus timpeall orthu; cairpéid feisithe a bhfuil fo-bhrat tiubh acu; srl.
**seachtrach:** polaistiréin a bhfuil mogall treisithe aige, bailchríoch de phéint aicrileach; srl.
**píopaí/sorcóir uisce te:** sorcóir inslithe go buan; seaicéad fálaithe; muinchillí cúrphlaistigh scoilte ar phíopaí; srl.

**(ii)** Pléigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le háit chónaithe dhea-inslithe. (15 mharc)

**3 bhuntáiste @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

laghdaíonn sé billí breosla/fuinnimh; cruthaíonn sé teach teolaí/compordach; laghdaíonn sé leibhéil torainn; laghdaíonn sé caillteanas teasa; toradh i níos astaíochtaí $CO_2$; cuireann sé le slí mhaireachtála inbhuanaithe; cuireann rátáil RFF níos airde le luach an tí; laghdaíonn sé úsáid acmhainní fuinnimh m.sh. breoslaí iontaise; srl.

**(iii)** Mol **trí** chleachtas éagsúla inbhuanaithe a spárálann fuinneamh san áit chónaithe. (15 mharc)

**3 chleachtas @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

gléasanna atá tíosach ar fhuinneamh; ná cuir gléasanna ar fuireachas; teach dea-inslithe; úsáid amadóir; ísligh an teirmeastat ar chórais teasa/uisce te; fálaigh sorcóir uisce te agus píopaí; fuinneoga déghloinithe/tríghloinithe/d'astaíochas íseal; líneáil ar chuirtíní; fuinneamh gréine; teas criosach; úsáid bolgáin LED; úsáid braiteoirí ar shoilse taobh amuigh; smaoinigh ar leictreachas seachbhuaice a úsáid; deisigh sconnaí atá ag sileadh; suiteáil méadar cliste; srl.

**agus**

**1.(b)** 'Is cuid riachtanach dár saol laethúil é an leictreachas.' (*www.cru.ie*)

**(i)** Déan cur síos ar an gcaoi a seachadtar leictreachas isteach sa teach. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

giniúint leictreachais; claochladán; cábla príomhlíonra; caibinéad méadair; aonad/príomhfhiúschlár do thomhaltóirí; scoradáin chiorcaid; soicéid; srl.

**(ii)** Mínigh **gach** ceann de na téarmaí leictreachais seo a leanas:

- mionscoradáin chiorcaid **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- voltas **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- cileavata in aghaidh na huaire (kWu). **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0) (15 mharc)

**Mionscoradán ciorcaid:** gné sábháilteachta; tá lasca ann a chuireann isteach ar an gciorcad agus a dhícheanglaíonn an sruth nuair atá fabht ann, nó nuair atá an ciorcad rólódáilte; is féidir lasca tuisleacha a athshocrú i ndiaidh don fhabht a réiteach; tá Gairis Srutha Iarmharaigh i Mionscordáin Chiorcaid a thugann cosaint bhreise dóibh; glac le léaráid lipéadaithe; srl
**Voltas:** tomhas den fhórsa/bhrú leictreach atá ag teastáil chun an sruth leictreach a thiomáint; is ionann 230 volta agus voltas na hÉireann; srl.
**Cileavata in aghaidh na huaire (kWu):** is aonad leictreachais é cileavata, is ionann cileavata agus 1000 vata; is ionann kWu agus an méid leictreachais a úsáideann gléas in aghaidh na huaire feidhmíochta; srl.

**nó**

**1.(c)** Cabhraíonn dearthóirí intí le daoine áiteanna cónaithe a chruthú atá tarraingteach agus feidhmiúil.

**(i)** Pléigh an tábhacht a bhaineann le gach ceann díobh seo a leanas agus an dearadh intí ar áit chónaithe á phleanáil:

- méid an teaghlaigh agus a dtráth den saol **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- costas **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- compord. **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

(15 mharc)

**Méid an teaghlaigh agus a dtráth den saol:** beidh tionchar aige seo ar úsáid dath; uigeacht; spás; urlár neamhsciorrach; dromchlaí smáldíonacha; solúbtha ionas gur féidir le hathruithe a cheadú; srl.
**Costas:** airgead ar fáil; costas tosaigh; costas cothabhála; éifeachtúlacht fuinnimh; is féidir le troscán agus fearas níos saoire an costas a laghdú; ní hionann costas teoranta agus drochdhearadh; srl.
**Compord:** spás ar fáil; feidhm an tseomra; gné an tí/tseomra; daingneáin agus feistis atá ann cheana; rogha phearsanta; scéim dhathanna; ábhair a úsáidtear; leagan amach maith le haghaidh gluaiseacht éasca; áit chun obair a dhéanamh; áit chun do scíth a ligean; cruthaíonn uigeachtaí compord; teas; aeráil; srl.

**(ii)** Mínigh an téarma 'uigeacht', agus tabhair **dhá** shampla den chaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as uigeacht chun feabhas a chur ar dhearadh intí seomra. (15 mharc)

**1 phointe ar uigeacht @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

cáilíocht amhairc dromchla; tadhlach/fisiceach; cuireann sé leis; srl.

**2 shampla @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**uigeachtaí míne:** tíleanna; gloine/scátháin; péint; cruach dhosmálta; srl.
**uigeachtaí garbha:** cairpéad; cumhdach; bric; péinteanna uigeacha; páipéar balla; teas; compord; srl.

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh – 40 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a) agus 2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2.(a)** Bíonn éadaí speisialta ócáide ag teastáil le haghaidh imeachtaí speisialta.



(*www.argeninta.org.ar*)

**(i)** Déan trácht ar oiriúnacht na bhfeisteas a thaispeántar thuas le haghaidh bainis gheimhridh.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- compord **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- feidhm **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- tarraingt aeistéitiúil. **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0) (18 marc)

**Compord:** tá éadaí scuabacha an-chompordach; gluaiseacht éasca agus gúna á chaitheamh agat; fabraic shínteach; t-léine éadrom chadáis; gluaiseacht éasca agus seaicéad agus bríste luiteach á gcaitheamh agat agus ní athraíonn an déanamh; sála arda bloic; srl.
**Feidhm:** bríste teann; cuireann an seaicéad gearr leis an airde; gluaiseacht éasca; pócaí; mála; bróga ísle; srl.
**Tarraingt aeistéitiúil:** déanamh fadaithe; cuireann dath agus uigeacht na fabraice leis; dathanna atá i gcodarsnacht le chéile; tarraingteach do gach aoisghrúpa; meascán dathanna; srl.

**(ii)** Mol oiriúint **amháin** a chuirfeá le ceann ar bith de na feistis thuas chun é a fheabhsú.
Tabhair cúis **amháin** le do rogha. (7 marc)

**1 oiriúint @ 3 mharc** (grádaithe 3:0)**, 1 chúis @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

seodra: fáinní cluaise, bráisléad, muince, fáinní, uaireadóir; srl. cuir léine agus carbhat leis; cuir ciarsúr póca leis; crios; mála tráthnóna; hata; cuircín; banda gruaige; scaif; srl.

**agus**

**2.(b)** Is féidir bailchríocha fabraice éagsúla a chur ar theicstílí.

**(i)** Mínigh an fáth a n-úsáidtear bailchríocha fabraice ar fhabraic. (6 mharc)

**2 chúis @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

coisceann sé filltíní a chur inti; coisceann sé crapadh; tugann sé tréith inmhianaithe don fhabraic m.sh. uiscedhíonadh; smáldíonadh; feabhsaíonn sé sábháilteacht; lasairdhíonach; lasairmhoillitheach; feabhsaíonn sé tréithe caithimh; coisceann sé caillteanas dath; srl.

**(ii)** Ainmnigh bailchríoch fabraice **amháin**, agus déan cur síos uirthi.
Tabhair sampla **amháin** den chaoi a n-úsáidtear í i gcás teicstílí. (9 marc)

**Ainm: 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)**, Cur síos: 1 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
**Sampla: 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**uiscedhíonadh:** déantar éarthach uisce fabraice; m.sh. cóta báistí; srl.
**frithstatach:** coisceann sé fabraic ó a bheith teann ar an gcraiceann; m.sh. éadaí tráthnóna; srl.
**smáldíonach:** tá sé níos éasca fabraicí a ghlanadh agus a choinneáil glan; m.sh. éadach boird; srl.
**roc-obach:** laghdaíonn sé an riosca go gcuirfear filltíní i bhfabraicí, rud a laghdaíonn an gá le hiarnáil; m.sh. sciorta línéadach; srl.
**meirsiriú:** éiríonn an fhabraic níos láidre agus níos súití; m.sh. braillíní; srl.
**lasairmhoillitheach:** laghdaíonn sé inadhainteacht fabraice; m.sh. éadaí oíche do leanaí; srl.

**nó**

**2.(c)** Tá an-tóir anois ar an bhfuáil agus tá sí san fhaisean.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc le cur san áireamh nuair a bhíonn patrún fuála tráchtála á roghnú. (9 marc)

**3 thoisc @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

ba cheart do thosaitheoirí táirgí a bhfuil cúpla dairt/uaim acu a roghnú, atá éasca le húsáid/éasca le fuáil; is é tomhas cromáin a chinneann méid patrúin do sciortaí nó do bhríste; is é tomhas brollaigh a chinneann méid brollaigh do mhéid gúna, léine, cóta, seaicéid; rogha phearsanta; costas; dearadh patrúin saor ó dhramhaíl; srl.

**(ii)** Luaigh an tábhacht a bhaineann le ball éadaigh a phreasáil agus é á dhéanamh. (6 mharc)

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

feabhsaíonn sé cuma iomlán éadaí; coisceann sé filltíní a chur ann; tá sé riachtanach chun aird a tharraingt ar dhairteacha; brúnn sé uamanna síos; laghdaíonn sé clupaidí; srl.

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a)** agus **3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** Is cur chuige comhaimseartha i leith an churaclaim é oideachas leanbhlárnach.

**(i)** Déan cur síos ar an oideachas bunscoile in Éirinn.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- raon aoise na leanaí bunscoile — **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- roghanna / cineálacha bunscoileanna — **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- an curaclam a thairgtear. — **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)**,**

**+ 1 phointe eile @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

(20 marc)

**Raon aoise na leanaí bunscoile:** is féidir leanaí a chlárú sa bhunscoil ó 4 bliana d'aois ar aghaidh; ní mór dóibh a bheith tosaithe ar a n-oideachas foirmiúil faoi 6 bliana d'aois; tá timthriall na bunscoile 8 mbliana ar fad; críochnaíonn siad an bhunscoil ag 12/14 bliana d'aois; srl.
**Rogha / cineálacha de bhunscoileanna:** bunscoileanna státmhaoinithe; scoileanna speisialta; bunscoileanna príobháideacha; scoileanna reiligiúnacha; scoileanna neamh-shainchreidmheacha; scoileanna ilchreidmheacha; scoileanna Ag Foghlaim Le Chéile; Gaelscoileanna; scoileanna Montessori; scoileanna Frobel; scoileanna Steiner; scoileanna aonghnéis; scolaíocht bhaile; srl.
**An curaclam a thairgtear:** tá sé mar aidhm aige féin-mhuinín a chothú; tugtar blaiseadh de na bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta; cuirtear eispéireas foghlama leathan ar fáil; cuireann sé cuir chuige éagsúla maidir le teagasc agus foghlaim chun cinn; teagascann sé réimse leathan ábhar; srl.

**(ii)** Ainmnigh agus tabhair sonraí faoi thionscnamh oideachais **amháin** a chuidíonn le tacaíocht a thabhairt do thinreamh scoile. (15 mharc)

**Ainm: 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)**, 2 shonra @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

Scéim na Leabhar Bunscoile; Scéim na Leabhar Iar-Bhunscoile; Scéim an Iompair Bunscoile; Scéim na mBéilí Scoile; CRSanna; Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta; An Ardteistiméireacht Fheidhmeach; Gairmchlár na hArdteistiméireachta; an Idirbhliain; Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh; Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail; DEIS; An tSeirbhís Náisiúnta um Thacaíocht Iompair; an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais; Cláir Foghlama Leibhéal 2; Iompraíocht le haghaidh Foghlama; Clár um Fheabhsú Gairmiúil; Comhpháirtíocht idir Múinteoir-Ealaíontóir; Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas; An Scéim um Shocruithe Réasúnta ag na Scrúduithe Teastais; tacaíocht do thaistealaithe; seirbhís múinteora ar cuairt; srl.

**(iii)** Pléigh an chaoi a gcuireann oideachas le forbairt shóisialta agus fhisiciúil leanaí. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
**1 thagairt shóisialta, 1 thagairt fhisiciúil, + 1 phointe eile**

**sóisialta:** treisíonn sé scileanna sóisialta a theagasctar sa bhaile; foghlaimíonn siad iompar cuí; sóisialú bunscoile/iar-bhunscoile; meas d'údarás; rialacha scoile; poncúlacht; in ann roinnt; obair foirne; forbraíonn siad féinmhuinín; forbraíonn/cothaíonn siad cairdis; srl.

**fisiciúil:** spreagann gníomhaíochtaí comhordú súl is lámh; deaslámhacht; luas; feabhsaíonn sé cognaíocht; cabhraíonn sé le haird na leanaí; gníomhaíochtaí seach-churaclaim; srl.

**agus**

**3.(b)** Tá a lán roghanna cúraim leanaí éagsúla ar fáil in Éirinn a oireann do riachtanais teaghlaigh éagsúla.

**(i)** Pléigh **trí** thoisc ba chóir do thuismitheoirí a chur san áireamh agus rogha cúraim leanaí á roghnú acu. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

costas; timpeallacht an suímh cúraim leanaí; aois/riachtanais an linbh; riachtanais speisialta an linbh; gaireacht don bhaile/obair; taithí/cáilíocht na foirne; oiliúint gharchabhrach; riachtanais iarscoile; uaireanta oscailte/dúnta; solúbthacht; laethanta saoire na scoile; roghanna pearsanta; iontaofacht; srl.

**(ii)** Ainmnigh agus tabhair sonraí le haghaidh tacaíocht rialtais / stáit **amháin** a thugtar do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu. (15 mharc)

**Ainm: 1 @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)**, 2 shonra @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

Tacaíochtaí don Scoilbhliain Nua: liúntas éadaí agus coisbhirt; Scéim na Leabhar Bunscoile; Scéim na Leabhar Iar-Bhunscoile; srl. Sochar Linbh; Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht; Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-Óige; Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí; An Clár Túsluath Réamhscoile; Scéim um Béiltí Scoile; Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh; An Ardteistiméireacht Fheidhmeach; Gairmchlár na hArdteistiméireachta; an Idirbhliain; Bealach Rochtana Ardoideachais ; Comhpháirtíocht idir Múinteoir-Ealaíontóir; Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas; íocaíochtaí/liúntais um leas sóisialta; srl

**nó**

**3.(c)** Bhí 10.6% de mhuintir na hÉireann i mbaol na bochtaineachta in 2023. (*www.cso.ie*)

**(i)** Pléigh **trí** chúis a mbeadh daoine i mbaol na bochtaineachta. (15 mharc)

**3 chúis @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

costas méadaithe tithíochta; easpa ar thithíocht shóisialta; tá costais níos airde do theaghlaigh mhóra; teaghlaigh aontuiste/aon ioncam amháin; rátaí arda maidir le dífhostaíocht; fadhbanna sóisialta, alcól/drugaí/cearrbhachas; easpa oideachais; poist ar phá íseal; timthriall bochtaineachta; sainn na bochtaineachta; srl.

**(ii)** Déan cur síos ar na slite a dtéann an bhochtaineacht i bhfeidhm ar theaghlaigh a bhfuil leanaí acu. (15 mharc)

**3 éifeacht @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

droch-choinníollacha tithíochta; tinneas; droch-chothú; easpa féinmhuinín; ag maireachtáil gan na bunriachtanais; ag cailleadh amach ar ghníomhaíochtaí spraíúla; drochfholláine mhothúchánach; eisiata ó ghníomhaíochtaí sóisialta; níos lú gníomhaíochtaí seach-churaclaim; imní/meabhairshláinte; srl.

## Ceist 4 – Croí-ábhar – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **4(a)** agus **4(b) nó 4(c)** a fhreagairt.

**4.(a)** 'Tá an-tóir fós sa lá atá inniu ann ar iógart.' (*www.glanbianutritionals.com*)

**(i)** Tabhair cuntas ar **(i)** luach cothaitheach **agus** ar **(ii)** luach diaitéiteach iógairt. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:4:3:2:0)
**(1 thagairt do luach cothaitheach, 1 thagairt do luach diaitéiteach, + 2 thagairt eile)**

**Luach cothaitheach** próitéin ALB agus deisiú; saill sháithithe; carbaihiodráit i bhfoirm lachtóis/siúcróis; tá vitimíní A, B, D le fáil ann, foinse iontach cailciam; foinse mhaith fosfair; rian maignéisiam/potaisiam/sóidiam, tá 87% uisce ann; easpach i vitimín C agus in iarann; srl.
**Luach cothaitheach** próitéin ALB le haghaidh fáis agus deisithe; tábhachtach in aistí bia leanaí, déagóirí, mná atá ag iompar clainne agus daoine aosta; saill sháithithe; soláthraíonn sé teas agus fuinneamh; carbaihiodráit i bhfoirm lachtóis/siúcróis le haghaidh fuinnimh, cailciam agus fosfair do chnámha agus d'fhiacla; ilfheidhmeach; úsáidtear é i mbéilí milse agus saillte; éasca é a dhíleá; is féidir é a threisiú le vitimíní agus mianraí; ba chóir é a chur le bianna atá saibhir i dtaobh stáirse, snáithín agus iarainn chun cothromaíocht a bheith ann san aiste bia; neamhchostasach; réimse leathan cineálacha éagsúla ar fáil chun freastal ar aistí bia, blasanna agus riachtanais éagsúla; smailc iontach; úsáidtear é seo in ionad uachtair le linn bácála; cabhraíonn sé le díleá; srl.

**(ii)** I gcás iógairt, déan cur síos ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- slite chun é a úsáid sa chócaireacht **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- treoirlínte maidir lena cheannach **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- treoirlínte maidir lena stóráil. **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

(18 marc)

**Slite chun é a úsáid sa chócaireacht:** is féidir é a ithe mar atá sé; mar dheoch; milseoga; sailéid; gairnis; barráin m.sh. moussaka; é a úsáid in áit uachtair; le gránaigh bhricfeasta; srl.
**Treoirlínte maidir lena cheannach:** ceannaigh ó shiopa glan sláinteach; seiceáil an dáta faoinar cheart a úsáid; ná ceannaigh má tá an clúdach cruinneachán-chruthach; ceannaigh go cúramach/luach maith ar airgead; seiceáil comhábhair/ailléirginí; tír thionscnaimh; srl.
**Treoirlínte maidir lena stóráil:** stóráil i gcuisneoir a luaithe agus is féidir tar éis é a cheannach; úsáid é ar bhonn uainíochta; athdhún é tar éis é a oscailt; úsáid an bunchlúdach chun é a athdhúnadh; úsáid é faoin dáta faoinar cheart a úsáid; srl.

**(iii)** Tá méadú ag teacht ar na cineálacha iógart agus deochanna iógairt atá ar fáil in ollmhargaí na hÉireann.
Tabhair **trí** chúis leis an treocht sin. (12 mharc)

**3 chúis @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

feasacht ar luach cothaitheach; táirgí gan lachtós; táirgí a bhfuil óimige 3 iontu; roghanna gan siúcra; réimse iógart blaistithe; próibhitheach; eistir stéaróil planda; próitéin sa bhreis; soighe; srl.

**agus**

**4.(b)** 'Tá airgead a choigilt ar cheann de na príomhghnéithe a bhaineann le todhchaí airgeadais shlán a bheith agat.' (*www.icicprulife.com*)

**(i)** Pléigh **trí** chúis a bhfuil sé tábhachtach airgead a choigilt go rialta. (15 mharc)

**3 chúis @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

ábhair buartha airgeadais a laghdú; braistint slándála agus neamhspleáchais a thabhairt; is féidir freastal ar éigeandálaí; tugtar dea-shampla do bhaill den teaghlach; seachnaítear an riachtanas d'iasachtaí/ comhaontuithe creidmheasa; neartaítear dea-chlú airgeadais don teaghlach; is féidir ús a thuilleamh má dhéantar é a infheistiú go cúramach; úsáideach má táthar ag pleanáil rud éigin sa todhchaí; srl.

**(ii)** Ainmnigh **agus** tabhair sonraí le haghaidh scéim coigiltis **amháin** a bheadh oiriúnach do theaghlach.
Tabhair **dhá** chúis le do rogha. (15 mharc)

**Ainm 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)**, Sonraí 2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
**An Post:** cuntas taisce; scéim tráthchoigilte; cairteacha coigiltis; bannaí coigiltis; srl.
**Bainc & Cumainn Foirgníochta:** cuntais taisce prapéilimh; cuntais fógra; cuntais téarma speisialta; srl;. **Comhar Creidmheasa:** cuntais taisce prapéilimh, cuntais fógra; srl.

**2 chúis @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

éascaíocht rochtana; slándáil coigiltis; ús tuillte; cáin iníoctha; suíomh; uaireanta oscailte; srl.

**nó**

**4.(c)** Is mar gheall ar dhifríochtaí i luachanna agus eispéiris saoil go minic a bhíonn coimhlint idir na glúnta.

**(i)** Déan cur síos ar **thrí** shlí chun déileáil le coimhlint idir déagóirí agus tuismitheoirí. (15 mharc)

**3 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

ná tabhair neamhaird ar achrann; cothaigh atmaisféar inar féidir le daoine labhairt lena chéile; suigh síos agus éist lena chéile; meas a bheith ann ar chomhrá ionraic agus oscailte; tar ar chomhréiteach; seachnaítear achrann le cumarsáid mhaith; tá sé tábhachtach go bhfuil a fhios ag gach duine cad a bhfuiltear ag súil leis uathu agus cá bhfuil a gcuid teorainneacha; foighne; comhbhá; meas a bheith ann ar an dá thaobh; srl.

**(ii)** Pléigh **trí** shlí a gcuireann seantuismitheoirí tacaíocht ar fáil do bhaill teaghlaigh eile. (15 mharc)

**3 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

cabhrú lena leanaí ó thaobh airgeadais de; cabhrú le haire a thabhairt do na leanaí; tacaíocht mhothúchánach a thabhairt dá leanaí agus dá ngarpháistí; luachanna a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile; am a chaitheamh le garpháistí agus cabhrú le hobair bhaile; cabhrú le tascanna tí; garpháistí a bhailiú ón scoil; comhairle a thabhairt; teagasc na daoine óga faoi mheas; srl.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 280 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 280 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 210 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 20 |
| 214 - 216 | 19 |
| 217 - 220 | 18 |
| 221 - 223 | 17 |
| 224 - 226 | 16 |
| 227 - 230 | 15 |
| 231 - 233 | 14 |
| 234 - 236 | 13 |
| 237 - 240 | 12 |
| 241 - 243 | 11 |
| 244 - 246 | 10 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 247 - 250 | 9 |
| 251 - 253 | 8 |
| 254 - 256 | 7 |
| 257 - 260 | 6 |
| 261 - 263 | 5 |
| 264 - 266 | 4 |
| 267 - 270 | 3 |
| 271 - 273 | 2 |
| 274 - 276 | 1 |
| 277 - 280 | 0 |
| | |

# Ardteistiméireacht 2025

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta
# Obair Chúrsa sa Staidéar Bia
# Scéim Mharcála

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach **príomhfhrásaí** ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh*
- ***Níl** na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim* **uileghabhálach** *agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin**, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain***
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart sa chomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.* **Ní mór faisnéis a chur i láthair faoi na ceannteidil chuí**

**Tábla na nGrád**

| **Grád** | **Bandaí na Marcanna** |
|---|---|
| **1** | **144-160** |
| **2** | **128-143** |
| **3** | **112-127** |
| **4** | **96-111** |
| **5** | **80-95** |
| **6** | **64-79** |
| **7** | **48-63** |
| **8** | **níos lú ná 47** |

## Nótaí Mínithe don mharcáil ar líne ar an Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

Ba chóir na nótaí mínithe a chur in aice leis an bhfreagra ceart /ceart i bpáirt.
Maidir le cás **Fiosrúcháin** agus **Modh Oibre,** cuir an seicheamh de nótaí mínithe **i líne ag deireadh** na roinne sin d'obair iarrthóirí. Féadfaidh dathanna na nótaí mínithe a bheith éagsúil.

| Nóta Mínithe | Míniú |
|---|---|
| | **Nóta** Bain úsáid as meascán de nótaí mínithe de réir mar is cuí chun **Fiosrúchán agus Modh Oibre** a mharcáil.<br>E.g. do mharc Fiosrúcháin de $^{24}/_{24}$ úsáid ✓10 ✓10 ✓4 |
| 0 | **Náid** bronnta |
| ✓1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓6 | **Sé** mharc bronnta |
| ✓7 | **Seacht** marc bronnta |
| ✓8 | **Ocht** marc bronnta |
| ✓9 | **Naoi** marc bronnta |
| ✓10 | **Deich** marc bronnta |
| EE | Bain úsáid as lena thaispeáint go bhfuil an leathanach **feicthe** |
| NR<br><br>SC | **Níor cuireadh an cás i bhfeidhm**<br><br>**Cás i bhfeidhm**, cuireann an nóta mínithe seo dealú 8 marc (-8 marc) i bhfeidhm<br>**Níor chomhlíon an mhias roghnaithe go hiomlán** na riachtanais (féach an leathanach deiridh de na nótaí marcála)<br>Ná cuir i bhfeidhm ach i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Comhairleach<br>Cuir SC agus nóta mínithe i bhfeidhm ag **deireadh an leathanaigh mheasúnachta** |
|  | Leathanach Glan |
| F | Pointe sa bhreis ar bronnadh lánmharcanna air |
| P | Pointe sa bhreis ar bronnadh leathmharcanna air |
| < | Pointe/obair nach ndearnadh aon iarracht air |

## Critéir Ghinearálta Mharcála ar an Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

| **Fiosrúchán** | **32 marc** |
|---|---|

**Fiosrúchán** **(24 marc)**

**Banda A 19 - 24 marc** (an-mhaith - ar fheabhas)

- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht chríochnúil** agus **anailís chuimsitheach** ar na saincheisteanna **go léir** agus ar na tosca a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc
- atá **cruinn**, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí a dhéanamh nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.

**Banda B 13 - 18 marc** (an-ábalta - go maith)

- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** agus roinnt **anailíse** ar na saincheisteanna agus ar na tosca a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- atá **cruinn**, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí a dhéanamh nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.

**Banda C 7 - 12 mharc** (bunúsach - ábalta)

- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** ar na saincheisteanna agus ar na tosca a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- atá **réasúnta cruinn**, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna a dhéanamh nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.

**Banda D 0 - 6 mharc** (an-bhunúsach - teoranta)
**Fiosrúchán**

- ina bhfuil fianaise ar **thuiscint an-bhunúsach theoranta** ar phríomhriachtanais an taisc
- ina bhfuil cuid den eolas nó iomlán an eolais **éiginnte agus gan ach cuid de cruinn**, easpa comhleanúnachais sa chur i láthair
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna a dhéanamh nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.

**Gach Tasc:** biachlár do lá áirithe/dhá bhéile 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge. **(4 mharc)**

**Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear** -1/-2/-4 mharc san Fhiosrúchán. (biachlár: cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc). Béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar thosca a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán.
**Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe** glac le 3 cinn as 4 phríomhghrúpa bia

**Foinsí: 2 fhoinse @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)** **(4 mharc)**

## Feidhmiú Praiticiúil

| Ullmhúchán agus Pleanáil | 8 marc |
|---|---|

**Acmhainní:**
- cainníochtaí (2 mharc), comhábhair (2 mharc), costáil (2 mharc), trealamh (2 mharc)
- Réimse Cleachtais AOP E táirge/táirgí (2 mharc), trealamh (6 mharc)

| Cur i bhFeidhm | 28 marc |
|---|---|

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, (glac le fiuchadh/suanbhruith anseo) riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú. **(16 mharc)**
(Ba choir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)
**Banda A 13 - 16 mharc** (an-mhaith - ar fheabhas)
Aithnítear **gach céim riachtanach** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.
**Banda B 9 - 12 mharc** (an-ábalta - go maith)
Aithnítear **formhór na gcéimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.
**Banda C 5 - 8 marc** (bunúsach - ábalta)
Aithnítear **roinnt céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.
**Banda D 1 - 4 mharc** (an-bhunúsach - teoranta)
Ní aithnítear **aon cheann de na céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach **beagán díobh**, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.

- **Na príomhthosca a cuireadh san áireamh 2 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0) (8marc)** (caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe) **Aithint** (2 mharc) agus **míniú soiléir ar thábhacht** (2 mharc) **dhá thoisc** a cuireadh san áireamh a raibh baint **chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias**.
- **Sábháilteacht/sláinteachas 2 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) (4 mharc)**

(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)
**Aithint** (1 mharc) agus míniú (1 mharc) ar phríomh-shaincheist sábháilteachta **amháin agus** an phríomh-shaincheist **amháin** a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á déanamh.

| Measúnacht | 3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:3:2:0) | 12 marc |
|---|---|---|

Measúnú a dhéanamh ar an tasc de réir na dtéarmaí seo a leanas:
**Cur i bhfeidhm**
**Banda A - 4 mharc** aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshláin shainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.
**Banda B - 3 mharc** aithníodh láidreachtaí/dúshláin shainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.
**Banda C - 2 mharc** rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil.
**Sainriachtanais** an taisc
**Banda A - 4 mharc** tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc.
**Banda B - 3 mharc** tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc.
**Banda C - 2 mharc** - déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc.

**Tasc 1**

*Mic léinn tríú leibhéal a dhéanann béilí cothaitheacha ar phraghas réasúnta a phleanáil agus a chócaráil, f orbraíonn siad a gcuid scileanna le maireachtáil go neamhspleách.*

Déan taighde agus tabhair mionchuntas ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na treoirlínte le béile a p hleanáil is cóir a chur san áireamh nuair atá béilí ar chostas íseal á bpleanáil do mhic léinn tríú leibhéal.

Agus na tosca atá aitheanta i do thaighde á gcur san áireamh agat, mol raon de bhiachláir dhá chúrsa a bh eadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae don ghrúpa daoine seo.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na príomhchúrsaí ó do chuid taighde.

Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shonracha an taisc. 2025

**Príomhriachtanais** an taisc:

- riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a bhíonn **béilí ar bheagán costais á bpleanáil do mhic léinn tríú leibhéal.**
- **treoirlínte ábhartha i gcomhair** pleanáil **béilí ar bheagán costais** le sainthagairt do **mhic léinn tríú leibhéal**
- ➢ réimse biachlár (dhá chúrsa)

**Fiosrúchán**

**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:** cothromaíocht chothaitheach; treoirlínte reatha cothaitheacha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do mhic léinn tríú leibhéal; iontógáil liúntas laethúil / tagartha a mholtar; idirghaol mianraí agus vitimíní, m.sh. Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D/ionsú cailciam; iontógáil snáithín a mhéadú; bianna le carbaihiodráite íseal GI a eisíonn fuinneamh go mall; iontógáil de Vitimín A; iontógáil grúpa Vitimín B a mhéadú i gcomhair fuinneamh a scaoileadh agus meitibileacht; iontógáil Aigéid Shailleacha Óimige 3 a mhéadú; éagsúlachtaí in iontógáil fuinnimh; iontógáil fuinnimh taobh le leibhéil ghníomhaíochta; srl.

**Treoirlínte pleanála do bhéilí:** úsáid phirimide bia le cothromaíocht a chinntiú; cuir éagsúlachtaí bianna san áireamh; rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn go pearsanta; riachtanais speisialta mhionathraithe sa réim bia; ailléirgí; roghnaigh comhábhair ardcháilíochta; bianna ina bhfuil a lán snáithín; seachain bianna/sneaiceanna ina bhfuil a lán salainn, saille sáithithe, tras-saille agus siúcra; roghnaigh bianna treisithe; bain feidhm as bianna atá i séasúr; déan béilí a phleanáil roimh ré; déan liosta siopadóireachta; déan siopadóireacht uair amháin sa tseachtain; roinn amach ullmhúchán bia agus cócaireacht le comrádaithe tí; ullmhúchán agus amanna cócaireachta; costais cócaireachta; scileanna agus áiseanna atá ar fáil; baisc-chócaráil; seachain cur amú bia; úsáid fuílleach; scrúdaigh lipéid bia; bain úsáid as tairiscintí speisialta; ceannaigh tairiscintí béile bianna féinbhranda; ceannaigh bianna somheata i méideanna inúsáidte; seiceáil dátaí deiridh bianna; seachain bianna réamh-ullmhaithe a roghnú; roghnaigh torthaí agus glasraí reoite seachas cinn úra go mormhór mura mbíonn siad i séasúr; úsáid roghanna eile seachas feoil; ceannaigh gearrthacha feola ar phraghas réasúnta; déan miasa níos mó le lintilí; srl. ith gach béile; cuir amanna béilí agus sneaiceanna san áireamh sa tráthchlár staidéir; ith bricfeasta sláintiúil cothaitheach; tóg isteach bosca lóin ullmhaithe agus sneaiceanna chuig an gcoláiste; bíodh iontógáil leachtanna cheart agat; roghnaigh uisce; seachain an iomarca caiféine / siúcra / deochanna fuinnimh / a ól; bíodh torthaí, glasraí agat ag gach béile; bíodh foinsí cailciam agus iarainn agat ag gach béile; srl.

**Miasa roghnaithe:** réimse biachlár dhá chúrsa **2 bhiachlár x 2 mharc (aon mharc do gach cúrsa) (grádaithe. 4:3:2:1:0)**

**Measúnacht (a)** cur i bhfeidhm agus **(b)** sainriachtanais an taisc

Anailís ar thorthaí an taighde i ndáil le riachtanais chothaitheacha do mhic léinn tríú leibhéal. Treoirlínte do phleanáil béilí, réimse bianna/miasa atá oiriúnach nuair a bhíonn béilí ar bheagán costais á bpleanáil do mhic léinn tríú leibhéal; conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; srl.

**Tasc 2**

| |
|---|
| *'Tá snáithín ríthábhachtach mar chothaitheach don tsláinte ach is minic a dhearmadtar é.'* (Paula Mee, Irish Times)<br>Agus tagairt á déanamh agat don ráiteas thuas, déan cur síos ar na buntáistí sláinte a bhaineann le snáithín a bheith sa réim bia laethúil.<br>Déan taighde agus tabhair mionchuntas ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na tosca is cóir a chur san áireamh nuair atá béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do dhuine atá ag iarraidh níos mó snáithín a thógáil.<br>Agus na tosca atá aitheanta i do thaighde á gcur san áireamh agat, mol raon de bhiachláir dhá chúrsa a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae don ghrúpa daoine seo.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na príomhchúrsaí ó do chuid taighde.<br>Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shonracha an taisc. 2025 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- déan cur síos ar **na buntáistí don tsláinte** a bhaineann le snáithín a ithe sa bhiachlár laethúil
- **riachtanais chothaitheacha** duine atá ag iarraidh **a (h)iontógáil snáithín a mhéadú.**
- **tosca le cur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú** do dhuine atá ag iarraidh **a (h)iontógáil snáithín a mhéadú.**
  - ➢ réimse biachláir (dhá chúrsa)

**Fiosrúchán**

**Buntáistí Sláinte:** folmhú na bputóg go rialta; laghdaítear iatacht; laghdaítear haemaróidí; laghdaítear galar díbhéartaclóise; íslítear riosca den ailse cholaireicteach agus den ailse chíche; íslítear leibhéil cholaistéaróil LDL; íslítear riosca den ghalar croí; íslítear riosca den diaibéiteas chineál 2; smachtaítear leibhéil den siúcra fola; cabhraítear le cailliúint meáchain; soláthraítear fuinneamh do bhaictéir phróibhitheacha sa stéig mhór; feabhsaítear an córas imdhíonachta; laghdaítear athlasadh sa phutóg; díthocsainítear an corp go nádúrtha; srl.

**Riachtanais Chothaitheacha:** cothromaíocht chothaitheach; treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil chothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do dhaoine a dteastaíonn uathu a n-iontógáil snáithín a mhéadú; iontógáil iarainn, cailciam, sinc, maignéisiam, fosfarach agus vitimíní de réir mar is cuí; idirghaol idir mianraí agus vitimíní; e.g. ionsú iarainn/Vitimín C; ionsú cailciam/Vitimín D; méadaigh iontógáil cailciam agus iarainn le gníomhú in aghaidh thionchar an aigéid fhítigh ar rátaí ionsúcháin; srl.

**Tosca le cur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú:** úsáid a bhaint as pirimid bia le cothromaíocht a chinntiú; cothromaigh iontógáil bia le gníomhaíocht choirp; méadaigh iontógáil snáithín go mall; scrúdaigh lipéid bianna; roghnaigh gránaigh bhricfeasta shlángráinneacha; pasta slángráinneach, cruithneacht bulgair, rís rua, humas; srl. cuir torthaí, cnónna, síolta, bran cruithneachta leis na gránaigh bhricfeasta/iógairt/sailéid/arán srl.; cuir gránaigh shlánghráinneacha agus piseánaigh le hanraithí, stobhaidh, curaithe srl. ith torthaí agus glasraí lena gcraicne; cuir torthaí agus glasraí le caoineoga; déan sneaiceanna as cnónna, síolta; srl. cuir bran coirce le haráin, mionbhruair, srl. méadaigh iontógáil pónairí agus lintilí; úsáid plúr caiscín seachas plúr bán; roghnaigh brioscaí, craicir agus táirgí bácáilte a dhéantar as plúr lánchruithneachta / plúr caiscín; ól go leor uisce; seachain táirgí gránaigh mínphróiseáilte; seachain torthaí agus glasraí stánaithe; seachain súnna torthaí saor ón laíon; srl.

**Miasa roghnaithe:** réimse biachlár dhá chúrsa **2 bhiachlár x 2 mharc (aon mharc do gach cúrsa) (grádaithe. 4:3:2:1:0)**

**Measúnacht (a)** cur i bhfeidhm agus **(b)** sainriachtanais an taisc
Anailís ar thorthaí ón taighde i ndáil le riachtanais chothaitheacha an duine atá ag iarraidh iontógáil snáithín a mhéadú. Treoirlínte do phleanáil béilí, réimse bianna/mias atá oiriúnach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhuine atá ag iarraidh iontógáil snáithín a mhéadú; conas mar a comhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; srl.

**Tasc 3**

*'Dúshlánach is mar atá sí, is mias sách simplí í an chúróg (soufflé) atá in ann dul i bhfeidhm go mór ar dhaoine mar chuid de an-chuid béilí éagsúla.'* (Martha Stewart)
Déan cur síos mion ar chúróg. Luaigh raon de mhiasa cúróige, idir chinn mhilse agus neamh-mhilse.
Pléigh na príomhphointí is cóir a leanúint lena chinntiú go n-éireoidh leat nuair atá cúróga á n-ullmhú agus á gcócaráil agat.
Mínigh na bunphrionsabail a bhaineann le cúróg chócaráilte a dhéanamh.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na miasa ó do chuid taighde.
Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis an gcaoi ar éirigh leat uigeacht éadrom aeraithe a bhaint amach. 2025

**Príomhriachtanais an taisc:**

- cur síos mionsonraithe ar chúróg
- raon de mhiasa cúróige atá **milis agus neamh-mhilis**
- na príomhphointí is cóir a chur san áireamh le **toradh maith a chinntiú** nuair a dhéantar cúróga a ullmhú agus a chócaráil
- **na bunphrionsabail** atá i gceist nuair a dhéantar cúróg **chócaráilte**
- ➢ **mias** roghnaithe

**Fiosrúchán**

**Cur síos ar chúróg:** mias éadrom, ubh-bhunaithe aeraithe a bhaint amach. Féadaidh sí a bheith milis/neamh-mhilis/cócaráilte/neamhchócaráilte, a riartar te/fuar: bia éadrom le bonn blasta a bhféadfadh buíocán uibhe a bheith ann ach a bhfuil gealacáin uibhe bhuailte fillte isteach ann; baintear amach airde na cúróige nuair a fhilltear gealacáin uibhe atá buailte go righin isteach sa bhonn, a mhéadaíonn ansin le linn na cócarála, agus an meascán á bhrú in airde; srl.

**Réimse de mhiasa cúróige milse agus neamh-mhilse:** seacláid; caifé; caramal; fanaile; oráiste; sú craobh; liomóid; péitseog; páiseog; banana; líoma; cáis; spionáiste; gliomach; bradán; liamhás; sicín; muisiriún; cóilis; cairéad; práta milis; srl.

**Príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leis na cúróga agus iad á n-ullmhú agus á gcócaráil;** úsáid uibheacha ag teocht an tseomra; is cóir go mbeadh an trealamh ar fad glan agus tirim; déan gealacáin uibhe a bhualadh i mbabhla miotail; déan gealacáin uibhe a bhualadh díreach sula gcuirtear isteach iad sa mheascán don bhonn; má bhíonn cúróg mhilis á déanamh, cuir siúcra isteach de réir a chéile sna gealacáin uibhe bhuailte; níl ach blas maol sna gealacáin uibhe, dá bhrí sin caithfidh an meascán an bhoinn a bheith an-bhlaistithe; fuaraigh an meascán an bhoinn sula gcuirtear isteach gealacáin; fill na gealacáin uibhe go bog isteach i meascán an bhoinn agus spadal nó spúnóg mhór miotail in úsáid; seachain an iomarca fillte a dhéanamh leis na gealacáin uibhe buailte; bí cinnte go bhfuil an cháilíocht cheart i meascán an bhoinn sula bhfilltear isteach na gealacáin bhuailte; má dhéantar cúróg seacláide d'fhéadfadh an tsaill /na gealacáin uibhe bhuailte a dhíbhoilsciú; smear raimicíní go héadrom sula gcuirtear isteach an meascán cúróige; glan an meascán ón imeall sula ndéantar í a bhácáil; úsáid banda dúbailte de pháipéar gréiscdhíonach timpeall ar bharr na méise; déan an t-oigheann a réamhthéamh go 180°C - 200°C agus bácáil ar sheilf íseal í; má bhíonn an t-oigheann róthe beidh an chúróg chócaráilte ar an taobh amuigh agus beidh sí amh laistigh; má bhíonn an teocht ró-íseal ní ardóidh an chúróg; cuir an chúróg isteach go híseal san oigheann ionas go méadóidh sí; ná hoscail doras an oighinn le linn na bácála; dáil amach cúróga teo láithreach bonn a luaithe agus a thógtar amach iad; srl.

**Na bunphrionsabail a bhaineann le cúróg chócaráilte a dhéanamh:** an geilitíniú: atann gráinní stáirse, pléascann siad agus ionsúnn siad leacht nuair a dhéantar iad a théamh; an chéad **geilitíniú** agus **geilitíniú iomlán,** anlann bán a nascann (panard) leis agus im leáite, plúr curtha isteach agus cócaráilte, bainne buailte isteach de réir a chéile lasmuigh den teas, curtha ar an teas íseal arís, é curtha ar fiuchadh, ansin curtha ar suanbhruith nó go n-éiríonn an t-anlann tiubh; ligtear don anlann éirí beagán

fuar; cuirtear buíocáin isteach ar mhaithe le doimhneacht agus píosaí feola/éisc/glasraí/cáise (neamh-mhilis) torthaí/caife/seacláide (milis) curtha isteach; buailtear gealacáin go righin; osclaíonn slabhraí próitéine ubh-albaimin, tógann siad cruth bolgán, sáinníonn siad aer, ansin filltear iad isteach i mbonn fuaraithe chun iad a **aerú**. Braitheann an t-ardú ar an aer seo a bheith sáinnithe agus méadaithe nuair a théitear é; is éard is cúis leis an méadú a dhéanann an chúróg ná aer sáinnithe/cúr atá ag méadú ná é a bhácáil in oigheann réamh-théite; **téachtann** gealacáin uibhe 60°C agus buíocáin uibhe 68°C agus **téachtann** siad an chúróg; Is féidir é a chócaráil i miasa móra cúróige nó i miasa cúróige aonair, bácáilte (teas tirim) nó galaithe (bain-marie) in oigheann réamh-théite; srl.
**Glac le** bonn de chineál eile le haghaidh cúróg cócaráilte le bunphrionsabail ábhartha a bhaineann leo.
**Miasa roghnaithe:** cúróg chócaráilte mhilis nó neamh-mhilis **1 mhias @ 4 marc (grádaithe 4:2:0)**
**Measúnacht (a)** cur i bhfeidhm agus **(b)** toradh maith a bhaint amach le huigeacht éadrom aeraithe.

**Réimse Cleachtais: Teicneolaíocht an Bhia**

**Tasc 4**

| |
|---|
| *'Féachtar ar an mbácáil bhaile anois mar ghníomhaíocht thaitneamhach a mbíonn an teaghlach go léir páirteach inti.' (Bord Bia)*<br>Déan taighde (i) ar na cúiseanna a bhfuil tóir ar an mbácáil bhaile agus (ii) ar mhuifíní agus cístíní cupa atá ar fáil ar bhonn tráchtála.<br>Luaigh muifíní agus cístíní cupa éagsúla is féidir a ullmhú agus a bhácáil sa bhaile.<br>Déan iniúchadh ar mhodh amháin chun muifíní nó cístíní cupa a dhéanamh. Mínigh na bunphrionsabail a bhaineann leis an modh a ndearnadh iniúchadh air.<br>Déan cur síos ar an bpacáistíocht agus ar na lipéid a mholfá chun an táirge bácáilte a roghnaigh tú a stó ráil agus chun caighdeán an táirge sin a choinneáil.<br>Ullmhaigh, bácáil agus riar do mhuifíní nó cístíní cupa roghnaithe ag baint úsáid as an modh a ndearna tú iniúchadh air.<br>Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm, **(b)** le praiticiúlacht na bácála baile agus **(c)** le costas an táirge a bhácáiltear sa bhaile i gcomparáid le cineál tráchtála atá cosúil leis. 2025 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- **cúiseanna a bhfuil móréilimh** ar bhácáil bhaile
- muifíní agus cístíní cupa ar fáil ar bhonn tráchtála
- ainmnigh **muifíní agus cístíní cupa** éagsúla a d'fhéadfaí a ullmhú agus **a bhácáil sa bhaile**
- fiosraigh **modh amháin** le muifíní nó cístíní cupa a dhéanamh agus a **bhunphrionsabail** á míniú agat.
- **pacáistiú agus lipéadú** a mholfá chun do tháirge bácáilte a roghnaigh tú a stóráil.
- ➢ **muifín** nó **cístín cupa** roghnaithe

**Fiosrúchán**

**Cúiseanna a bhfuil móréilimh ar bhácáil bhaile:** níos saoire; níos mó am saor; cláir theilifíse, cócairí mór le rá; méadú ar theagasc ar line; laghdaítear strus; spreagtar cruthaitheacht/féinléiriú; cineál aireachais; sásúil; cruthaítear naisc teaghlaigh; méadaítear táirgeoirí ceardaí; úsáideach i gcomhair réimeanna bia ar leith / réimeannna bia teoranta; níos sláintiúla, níos lú breiseán; srl.

**Muifíní agus cístíní cupa ar fáil ar bhonn tráchtála:** brandáilte, féinbhranda, ceardaí; blasanna; oiriúnacht le haghaidh réimeanna bia difriúla; costas; srl.

**Muifíní agus Cístíní difriúla ullmhaithe agus bácáilte sa bhaile:**

**Muifíní:** seacláid/ sceall seacláide; fanaile; sú craobh agus seacláid bhan; srl.

**Cístíní Cupa:** seacláid; oráiste seacláide; fanaile; bogha báistí; caramal saillte; sú talún; srl.

**Modhanna difriúla chun muifíní agus cístíní cupa a dhéanamh lena n-áirítear na bunphrionsabail:**

**Modh Buailte:** déantar an t-im agus an siúcra a bhualadh le chéile de láimh/ le meascthóir leictreach go dtí go n-éiríonn sé séidte, bán, siúcra tuaslagtha agus méadaíonn toirt an mheascáin; gearrann criostail siúcra isteach sa saill, bolgáin bheaga bhídeacha aeir déanta agus sáinnithe i saill timpeall ar gach gráinnín siúcra; uibheacha ag teocht an tseomra curtha isteach ag luas mall chun téachtú a chosc / chun eibleacht a choinneáil seasmhach; plúr criathraithe a fhilleadh isteach go bog; **teas ón oigheann réamh-théite** is cúis le méadú an **aeir/$CO_2$** a ardaíonn an meascán; teas ón oigheann réamh-théite a théachtann an glútan/meascán; srl.

**Modh Muifíní:** measctar leachtanna (ola, im leáite, bainne, iógart, uibheacha, srl. ) agus comhábhair thirime leo féin; cuirtear siúcra sna comhábhair fhliucha ar mhaithe le dáileadh níos fear; cuirtear an meascán fliuch leis an meascán tirim (agus oibreán ardaithe san áireamh) agus filltear le chéile iad go mbeidh siad díreach measctha le chéile, níl an fuidreamh saor ó chnapáin; níl glútan sa phlúr forbartha; má dhéantar an iomarca measctha, ní ardóidh na muifíní go héasca sna céimeanna tosaigh den bhácáil agus éireoidh siad greamaitheach; bácáil ar an toirt; **teas ón oigheann réamh-théite** is cúis le méadú an **aeir/$CO_2$** a ardaíonn an meascán; teas ón oigheann a théachtann an meascán; srl.

**Modh an leáite:** comhábhair (im, siúcra, síoróip órga, triacla) leáite le chéile ag baint úsáid as teas bog; meascán fuaraithe agus curtha le comhábhair thirime chriathraithe (plúr, oibreán ardaithe); buailte le chéile le hubh go mbeidh sé measctha go maith, ag cur comhsheasmhacht dlúth ar fáil; nuair a fhliuchtar sóid aráin/púdar bácála, táirgtear $CO_2$; **teas ón oigheann réamh-théite** is cúis le méadú an **aeir/$CO_2$** a ardaíonn an meascán; teas ón oigheann a théachtann an glútan/ meascán; srl.
**Pacáistiú oiriúnach chun a cháilíocht a choinneáil:** coimeádáin phlaistigh aerdhíonacha; boscaí páipéir; scannán cumhdaithe; scragall stáin; coimeádáin stáin; boscaí stáin; srl.
**Lipéadú:** ainm; comhábhair; dáta bácála; srl.
**Miasa roghnaithe: an mhias a roghnaíodh ón taighde 1 mhias @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**
**Measúnacht: (a)** Cur i bhfeidhm **(b)** cé chomh praiticiúil agus atá an bhácáil bhaile ceisteanna acmhainní i.e. am: scileanna: trealamh; pacáistiú; spás stórála, srl. **(c)** costas an táirge bhácáilte bhaile i gcomparáid le ceann cosúil leis ar bhonn tráchtála.

## Réimse Cleachtais E: Anailís chomparáideach lena n-áirítear Anailís Chéadfach

**Tasc 5**

| |
|---|
| *'Is bealach tapa agus éasca iad súnna le sciar amháin torthaí agus glasraí a thógáil as na 5-7 sciar de ghlasraí agus torthaí a deirtear atá ag teastáil gach lá.' (Éire Shláintiúil)*<br>Déan taighde ar raon na súnna torthaí agus glasraí atá ar fáil le ceannach. Déan tagairt do bhrandaí , blasanna, pacáistíocht agus costas.<br>Agus úsáid á baint agat as dhá bhranda éagsúla de shú torthaí nó glasraí (ceann amháin le bheith i na fhéinbhranda) a bhfuil an blas céanna agus an uigeacht chéanna ag baint leo araon, déan tástáil triantáin chun a fháil amach an féidir le tástálaithe idirdhealú a dhéanamh idir an sú brandáilte ag us an sú féinbhranda.<br>Cuir na torthaí a fuarthas ón tástáil i láthair.<br>Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na torthaí a fuarthas. 2025 |

- **Príomhriachtanais an taisc:**
- Taighde ar an raon de **shúnna torthaí agus glasraí** atá ar fáil le ceannach agus tagairt á déanamh do **bhrandaí, blasanna, pacáistiú agus costas**
- **Tástáil triantáin**
- **Coinníollacha atá le rialú** le linn na tástála
- ➢ Táirgí roghnaithe; **2 bhranda éagsúla** de shú torthaí nó sú glasraí, ceann le bheith ina **fhéinbhranda,** an dá cheann leis an mblas céanna agus an uigeacht chéanna.

**Fiosrúchán (24 marc)**
Taighde/fiosrúchán ar tháirgí atá oiriúnach don tástáil .i. fiosraigh raon de shúnna torthaí agus glasraí ag tagairt do bhrandaí, blasanna, pacáistiú agus costas.

**Tástáil Triantáin**
**Cur síos:** tugtar trí shampla códaithe de shú torthaí nó sú glasraí don tástálaí (dhá shampla mar an gcéanna, ceann amháin difriúil); iarrtar ar an tástálaí a rá cén sampla atá difriúil.
**Aidhm na tástála:** a fháil amach an bhfuil difríocht le brath idir sú torthaí/glasraí brandáilte agus sú torthaí/glasraí féinbhranda leis an mblas céanna agus uigeacht chéanna; srl.
**Torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann:** b'fhéidir nach mbeidh tástálaithe in ann an difríocht a bhrath idir sú torthaí/glasraí brandáilte agus sú torthaí/glasraí féinbhranda leis an mblas céanna agus uigeacht chéanna; srl.
**Na coinníollacha atá le rialú i rith na tástála a shainaithint**
Coinníollacha sonracha don tasc mar shampla méid, cruth agus dath na gcoimeádán in úsáid don tástáil; teocht na samplaí; cainníochtaí den chineál céanna de gach sampla; códú na samplaí; cur i láthair cothromaithe; am na tástála; an áit a ndéantar an tástáil; sláinteachas; cúrsaí cothaithe; srl.

**Táirgí roghnaithe (4 mharc)**
Sú brandáilte (1 mharc), sú féinbhranda (1 mharc), sú leis an mblas céanna (1 mharc), sú leis an uigeacht chéanna (1mharc)

**Foinsí: 2 @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) (4 mharc)**

**Ullmhúchán agus Pleanáil (8 marc)**
- **Acmhainní 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**
- **Príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh 6 mharc (grádaithe 6:5:4:3:2:1:0)**

**Tástáil Triantáin:** 6 thráidire; 6 ghloine uisce; 18 gcoimeádán códaithe le haghaidh samplaí súnna; 9 sampla de shú A; 9 sampla de shú B; 6 scórchárta; 1 bhileog tuairisce; pinn; srl.

**Modh oibre** **(16 mharc)**

**Modh oibre a leanadh agus an ghné seo den tasc á déanamh**

**Ba chóir an tsraith iomlán den mhodh oibre a thabhairt agus ba chóir na torthaí a chur i láthair don tástáil .i. Tástáil Triantáin (dhá tháirge, sú amháin brandáilte, sú amháin féinbhranda)**

Códaigh 18 gcoimeádán; 6 choimeádán le siombail ■, 6 choimeádán le siombail ●, 6 choimeádán le siombail ▲; cuir samplaí de shúnna i ngach coimeádán; eagraigh 6 thráidire uimhrithe 1-6; tá coimeádán amháin ar gach tráidire lipéadaithe le siombail ■, tá coimeádán amháin le siombail ●, agus tá coimeádán amháin le siombail ▲; **ní mór cur i láthair cothromaithe in ord a bheith ann .i. ní mór gach meascán de shamplaí a d'fhéadfadh a bheith ann a chur i láthair,** tugtar gach sampla de shú an méid céanna amanna .i. 9 n-uaire, samplaí curtha i láthair in ord randamach agus ní fhaigheann aon tástálaí samplaí curtha i láthair sa tsraith chéanna; fanann na cóid ar gach tráidire mar an gcéanna, athraíonn an táirge sa choimeádán gach uair; leanann tástálaithe treoracha ar scórchárta; ciorclaigh ar an scórchárta cé acu ceann de na trí shampla atá difriúil (dá shampla mar an gcéanna, ceann amháin díobh difriúil); is féidir samplaí a bhlaiseadh arís; bailíonn an taifeadóir na scórchártaí agus aistríonn sé/sí na torthaí don bhileog taifeadta ullmhaithe; agus na torthaí á scríobh síos cuirtear ciorcal timpeall ar an litir a fhreagraíonn don tsiombail roghnaithe ar gach scórchárta agus cuirtear tic sa cholún cuí; déantar na freagraí cearta a chomhaireamh; taispeántar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair; is féidir torthaí a chur i láthair ar bharrachairt nó ar phíchairt; cuir slacht ar an áit; nigh na gréithe; déan measúnú ar na torthaí; srl.

**Na príomhthosca chun toradh na tástála a chinntiú 2 cheann @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0) (8 marc)**

Príomhthosca is féidir a chur san áireamh chun toradh a chinntiú sa tasc seo; coinníollacha a bhí á rialú le linn na tástála; códú; teocht na samplaí; roghanna súnna torthaí/glasraí in úsáid; céannacht na samplaí don tástáil; dóthain samplaí; gloine uisce/ craicear tirim ann chun blas úr a fhágáil sa bhéal; tábhacht an chiúnais le linn na tástála; bíodh seisear tástálaithe ann lena chinntiú go bhfuil gach meascán de samplaí a d'fhéadfaí a úsáid a bheith ann; samplaí curtha i láthair go randamach ionas nach bhfaigheann aon tástálaí samplaí sa tsraith chéanna; cur i láthair cothromaithe; sampla de gach sú déanta an líon céanna amanna; cóid ar gach tráidire mar an gcéanna; níor chóir go dtarlódh aon chlaonadh i measc na dtástálaithe de bharr na gcód a úsáidtear; níor chóir go mbeadh na daoine a dhéanann an tástáil bainteach leis an gcódú agus le samplaí a eagrú ná le torthaí a chur i dtoll a chéile; leanann tástálaithe treoracha ón scórchárta agus an tástáil ar siúl; srl.

**Sábháilteacht agus sláinteachas 1 sláinteachas @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) 1 sláinteachas**: **@ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)** **(4 mharc)**

**Sábháilteacht:** tástálaithe a bhfuil ailléirgí acu; tástálaithe a bhfuil réimeanna bia ar leith acu m.sh. diaibéiteas srl.; súnna le breiseáin/uimhreacha E; srl.

**Sláinteachas:** dea-chleachtas maidir leis an ionad ullmhúcháin agus leis an ionad tástála; láimhseáil samplaí, lámhainní plaisteacha/gloiní aon uaire in úsáid; srl. seiceáil an dáta ar shúnna le baol an bhia-nimhiú a sheachaint; stóráil súnna; srl.

**Measúnacht (3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:3:2:0)** **(12 marc)**

**Cur i bhFeidhm**

Déan measúnú ar chur i bhfeidhm na tástála agus tagairt á déanamh do phríomhthosca leis an toradh a chinntiú; cúrsaí sábháilteachta agus sláinteachais san áireamh; déan measúnú ar éifeachtúlacht na sraithe oibre; fadhbanna a tharla agus na réitigh a moladh; srl.

**Sainriachtanais an taisc**

Ba chóir measúnú a dhéanamh ar na torthaí a bhfuarthas don Tástáil Triantáin agus roinnt conclúidí a bhaint astu. Ba chóir anailís a dhéanamh ar na tosca a d'fhéadfadh cur leis na torthaí tástála a bhfuarthas i.e. an chúis arbh fhéidir / nárbh fhéidir le tástálaithe an difríocht a aimsiú idir an sú brandáilte agus an sú féinbhranda; srl.

## **Aguisín 1** Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh

1. Riachtanais an scrúdaithe:
Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon **cheithre** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú. **2 thasc i gcomhair 2025 de bharr coigeartuithe.**

**N.B.** Caithfidh scrúdaitheoirí dul i gcomhairle le scrúdaitheoirí comhairleacha sna cásanna seo a leanas:

**2.** Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
**Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil an athuair don dara tasc**, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

**3.** **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an t-ullmhúchán, pleanáil agus cur i bhfeidhm**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as **measúnú an chur i bhfeidhm**, áfach, áit a dtugtar faoi sin. Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar **measúnú ar shainriachtanais** freisin.

**4.** **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as **measúnú ar shainriachtanais de thasc 1 agus 2** áfach, áit a dtugtar faoi sin.

**5.** **Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán**, ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

**6.** Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach **beagán scileanna próiseála** marc pro-rata.

**7.** **Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais, m.sh.

**A-** mias **gan chócaráil** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte, Tasc 1, 2, 3 agus 4

**B-** mias **nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc,** Tasc 1, 2 agus 3

**C-** **an modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh,** Tasc 4

**D-** Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise (saoráideacha),*** meascán muifíní áise (saoráideach), Tasc 4

**Bain 8 marc SC ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach nóta míniúcháin ag deireadh an leathanaigh mheasúnachta.**

**8.** **Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc**, m.sh. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

| **Nóta Mínithe** | **Míniú**<br>Ná cuir na nótaí mínithe a leanas i bhfeidhm ach amháin i ndiaidh comhrá leis an Scrúdaitheoir Comhairleach |
|---|---|

| | |
|---|---|
| SC | **Cás curtha i bhfeidhm,** (-8 marc) 8 marc bainte ón marc iomlán a bronnadh<br>**Níl an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais, m.sh. (féach lch deireanach de na nótaí marcála)<br>Ná cuir i bhfeidhm ach tar éis dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Comhairleach<br>**Cuir SC** agus nóta mínithe ag **deireadh** an **leathanaigh mheasúnachta** |
| | **Cuir isteach na nótaí mínithe seo de réir mar is cuí** |
| A- | Mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte -Tasc 1, 2, 3 agus,4 |
| B- | Mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 1, 2 agus 3* |
| C- | ***An modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 4* |
| D- | Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise (saoráideacha)*** |

| | |
|---|---|
| REP | Gníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta |
| ISW | Sraith Oibre Neamhchomhlíonta |
| P1 | Gan aon luach uimhriúil |
| P2 | Gan aon luach uimhriúil |
| P3 | Gan aon luach uimhriúil |
| P4 | Gan aon luach uimhriúil |
| P5 | Gan aon luach uimhriúil |
| P6 | Gan aon luach uimhriúil |
| P7 | Gan aon luach uimhriúil |
| P8 | Gan aon luach uimhriúil |
| P9 | Gan aon luach uimhriúil |
| P10 | Gan aon luach uimhriúil |